"COMHAR"

(Deireadh-Fómhair, '65)

Comhartha eile b'fhéidir ar dul chun cinn na Gaeilge go bhfuil John Healy ag scríobhadh anois i gComhar. Giota aige an mhí seo ar "Saor Thrádáil sa Dáil" agus daoine a léann é insan 'Times' nó insan "Western People" tuigfidh siad gur fiú an píosa seo a léamh.

Giota an speisiúil ar fad ag Risteárd O Glaisne, ar 'Protastúnaí, Papaistigh agus Paisley', agus is deas tráthúil an pictiúir de Paisley ag caint faoi comhartha bóthair "No Entry."

Dréacht géar inspeise ag Nollag O Gadhra ar "Na Nuachtáin faoi Scrúdú" ina gcuireann sé síos ar nuachtáin Béarla na hEireann.

Abhar speisiúl go maith in "Comhar" ach bheimíd ag súil go méadófaí an iris seo feasta.

"FEASTA"

Deireadh-Fómhar, 1965

Is brónach an chéad dréacht i bhFeasta na míosa seo—"Ina dTost" ag cur-síos ar laochraí móra na Gaeilge a d'imigh uainn — Peadar O hAnnracháin, An Seabhac, O Briain, Síle Ní Dhubhgáin, O Coileáin, O Laoghaire.

Gearrscéal d e a s ann "Excalibar" le Diarmad O Súilleabháin, a ghnóthaigh duais an Oireachtais i 1964.

Dréacht léannta ag Seán O Cinnéide ar "Gaeil agus Gaeilge." Dréacht cuimhneacháin ar Seán O Coileáin, le Seán Mac Gearailt. Pádraic Mac Cárthaigh ag cur-síos ar na Múinteoirí Taisteal, agus Seán O Ruadháin ag cur síos ar an chaoi le rudaí a rá i nGaeilge, chomh maith leis na gnách rudaí go léir.

Neart ábhar léitheoireacht speisiúl anseo.

"Aiséirí"

In "Aiséirí" na míosa seo tá dreácht an speisiúil agus an bhrónach, ar bhás Shéamuis Uí Dhuibhne, as Béal Feirste, duine de na daoine a d'eagraigh na hOglaigh agus a bhí na cheannaire ar na hOglaigh i gCúige Uladh. Ba Ghaeilgeoir dílis chomh maith le trodaire ar son na saoirse, Séamus, agus thóg sé clann atá dílis don Ghaeilge agus cumasach i saol na Gaeilge. Is fiú go maith an giota atá scríofa ag Gearóid O Cuinneagáin, faoi "Dílis go h-Eag" in "Aiséirí" na míosa seo a léamh.

Píosa an speisiúil eile atá in eagrán na míosa seo do "Aiséirí" nó gur díoladh 7000 cóip de leabhar Gaeilge amháin; an leabhar Gaeilge atá i gceist "Ecouter et Parler", teagasc - leabhar Fraincíse leis an Athair Colmán O hUallacháin. 8/- a phraghas agus 375 leathnaigh innti. Cinnte. is rí mhór an díolachán é seo, agus bhéarfaidh s éfreagra feasta do na cancaráin a bíos a' rá, ins na páipéirí tráthnóna Béarla gur ceart dúinn dearmad a dhéanamh don Ghaeilge agus ár saothar a chaitheamh le foghlaim teangacha na mór-Roinne. Is cosúil gurb iad lucht na Gaeilge is díograsaí ag piocadh suas teangacha na Mór-Roinne chomh maith.

San dreácht céanna, deirtear go bhfuil moill an mhór le foilsiú leabhraí Gaeilge, go h-áithrid ón "Ghúm" agus gur cúrsaí clódóireachta is ciontaí leis.

An moladh atá ag muintir "Aiséirí" faoi — Gur cheart don Rialtas cúpla monarcan clódóireachta a bhunú sa Ghaeltacht.

Tá ciall leis an moladh seo. agus bunús. Cheana féin, tá timpeall £½m. joctha le foilsitheoirí irisí agus leabhraí Gaeilge agus gan aon dá leith-phighinn de caite sa Ghaeltacht. Is cosúil chomh maith, nach bhfuil lucht priontála Bhaile Atha Cliath abálta freastal ar cúrsaí an Ghúm, sin an fáth go bhfuil an moill mhór le cúrsaí an

Cúis maith mar sin fá choinne ionaid clódóireachta a chur ar bun insan Ghaeltacht.

Leaṫnaċ na nÓg

Seaċt seaċtaine reaṁrá a deirtí ins na sean scéalta fá na seaċt seaċtaine ó Ṡaṁain go Nollaig toisc go mbíoḋ flúirseaċ bia le fáil i gcónaí ins an tréiṁse sin.

Seaċt seaċtaine cruaiḋe iad mar sin féin do aos óg na haimsire seo agus iad ag obair go cruaiḋ ins na scoltaċa lae agus scoltaċa cónaiṫe. Sin is uile, bíonn mór dóċas nó aḃar spreagṫa os cóir a súl i gcónaí agus iad ag cuntas na laeṫe go saoire na Nollag agus is mór an tógáil croí é lá eile a scrios ar an ḟéilire gaċ maidin agus a rá naċ bfuil aċ 48 lá nó 47 lá go saoire na Nollag.

Ní mar sin a ḃíoḋ sé ins an tsean am in Éirinn fadó. Ní raiḃ aċ leiṫ ḃliain ar scoil ag daoine óga an t-am sin agus ṫosuíoḋ an leaṫ ḃliain sin Oíċe Ṡaṁna agus ṫéaḋ sé ar aġaiḋ gan briseaḋ ó sin go cionn sé ṁí.

Ṫéaḋ an scoláire óg a ḃíoḋ ag dul le filíoċt agus an léann Gaelaċ ċuig duine de na hollúna nó na filí mór clúiteaċa agus ṫógaḋ sé boṫan beag dó féin in aice le boṫán an ollaiṁ agus ḃíoḋ sé in a ċónaí ansin agus é ag foġlaim dán agus ag déanaṁ léinn ó sin ar feaḋ sé ṁí dorċa na bliana agus ba é an coṁarṫa nó an marc a ḃí do ḋúnaḋ na scoltaċa nó an lá a ṫiocfaḋ an ċuaċ.

An lá a ċloisfiḋ glaoċ na cuaiċe ḃí deire leis an téarma scoile agus d'ḟilleaḋ an macléinn óg ar a ḋúṫaiġ féin le ḃeiṫ páirteaċ i ḃfiaċ agus obair agus sportanna an tsaṁraiḋ.

Aċ, leoga, ní i gcónaí a mbíoḋ áṫas ar na micléinn óga fá ċoinne na laeṫa saoire agus tá cinn de na dánta is deise sa Ġaeilge a ċum file mór le rá i ḃfear Manaċ dár tiodal "Anoċt Scaoilid na Scol" agus é ag ċur síos ar an brón a ḃíoḋ ar na micléinn óga go léir go raiḃ an scoil ag briseaḋ suas ⁊ ag cur síos ar an am breá agus an árdú meanman agus intinne agus an saol suairc a ḃí acu ar Scoil Uí hUigín. Aoiḃinn beaṫa an scoláire i ndáiríre de réir mar cuirtear síos é ins an dán seo.

Ḃfuil aon scoláire ins na meán-scoltaċa ċónaiṫe a ċumfaḋ dán le linn teaċt fágála na scoile ḋó ag cur síos ar an aoiḃneas a ḃí aige ar scoil. Ḃeul, sin ceist eile.

Ar scor ar biṫ seo áḃar ceapadóireaċta ḋíoḃ do na sinnsir an tseaċtain seo ag cur síos ar an rud céanna.

Sinsir;
Oideaċas in Éirinn Fadó

Sóisir:
An taḃar scoile is fearr liom.

Ar na Carraigeaċa

Aċ ní cúrsaí airgid aċ cúrsaí siúlóide a ḃí ann.

Bóiṫre

Níl aċ 9,746 míle de ṗríoṁ bóiṫre san tír go léir agus 41,253 míle de bóiṫre contae. Coṁ maiṫ leis sin tá 1,280 míle de ṗríoṁ bóiṫre agus bóiṫre contae ins na caṫraċa agus na bailte móra, agus ins an Stát ar fad ba é uiṁir na ḃfeidiclí ceadúnas anuraiḋ nó 415,263.

Cupón

Amáraċ

5-11-1965.

"Sprid 1916"

Léaċt an Oireaċtais 1965
le
Eoġan Ó Tuairisc, M.A.

(AR LEAN.)

Chara, Sé is truagh liom nach mbeidh ar mo chumas bheith i mBaile Atha Cliath don Chruinniughadh Dia Céadaoine. Leabhair chuntais na dTimirí, cláir agus foirne na gColáistí Samhraidh. Litir ó Ruairí Mac Asmaint. Cuireann sé ina phóca í. Comhfhreagras leis an mBord Oideachais, comhfhreagras le Seanad na hOllscoile, cártaí do Chúrsa Spioradálta trí Ghaeilge — nóta Mhac Diarmada, ina phóca. Tuairiscí an Choiste Gnótha, tuairiscí Chlódhanna Teoranta, miontuairiscí na blianta á gcarnadh ar bhlianta anuas, na duilleoga is cianaosta crónaithe ag an aimsir, iad á lobhadh i dtaise bhallaí an tseantí. An mhórghluaiseacht ba bhun don iomlán. Croí mór agus croitheadh láimhe de hIde. Ní dhearna siad éagóir air. Dáiríre. Neamhspleáchas na hEireann a scríobh isteach ar aidhmeanna an Chonartha. Dún Dealgan, anuraidh. An cumann rúnda, Mac Diarmada, Mac Piarais, agus é féin ag réiteach na slí dóibh, go mbeadh baill den I.R.B. ar na coistí, ar na teachtairí don Ard Fheis. Ach d'imigh de hIde. Níor dearnadh éagóir air. Dáiríre. Ach san am céanna bhí a chuimhne sa seomra seo, aghaidh mhór chneasta, ag faire air. Agus anois. An cleas ceanann céanna, Mac Néill.

Osclaíonn sé an taisceán sa bhalla ina gcoimeádann sé an t-airgead agus na leabhair chuntais reatha, aimsíonn na docaiméid atá uaidh. Figiúirí, comhfhreagras ó Mheiriceá, admháileanna, seoltaí, sacann sé ina phóca iad in éineacht leis na litreacha, cuireann an taisceán gaoi ghlas. Tugann sé súil thart den uair dheireanach, ar eagla na heagla, tá beart mór de leabhair nuafhoilsithe ar an rulár, "An Mháthair agus Scéalta Eile." Socraíonn sé an hata panama ar a cheann, tá na clúdaigh nua mar a bheidis ag brú ar an gciúnas. Ní dhearna siad éagóir ar Mhac Néill. Dáiríre. Plabann sé an doras. agus cromann ar a bhealach a dhéanamh, go Halla na Saoirse. Faoi cheann dhá uair a chloig bhí an dream beag seo ag máirseáil, agus tosaíodh ar na fuinneoga a scoilt.

Agóid fa Rátaí

Beiḋ cruinniú mór agóide i gClár Ċloinne Ṁuiris, gan ṁoill, agus ḃéarfar cuireaḋ do na Teaċtaí Dála, do na cúig condaeṫa iarṫaraċ, teaċt ann, ċun iarraiḋ orṫa, agóid a ḋéanaṁ leis an Bord Soláṫar an Leictreaċais, fá an ró-ċíos atáṫar ag éileaṁ óna feilméaraí in áiteaċa iargúlta.

Coiste Gnóṫa Cumann na bFeilméaraí in Muiġeo, a ṡocraiġ é seo, nuair a ḃí a lán de na Teaċtaí ann ag caint faoi an ró-ċíos seo, agus an ċaoi a raiḃ Bord Soláṫar an Leictreaċas ag leagann na gcíosanna.

Arsa an tAṫair P. L. Ó Dáiḃéis, S.P., Uaċtarán—Is féidir leis an B.S.L. cibé rud is mian leo a ḋéanaṁ. Fuair siad monoplaċt insan tír le solus a ṫaḃairt ċuig na daoine, agus tá siad ana éagċoṫrom faoi seo.

An Ċaṫaoirleaċ — Ba ċóir dúinn scéala a ċur ċuig na hOifigiġ i nGaillim agus i Sligeaċ.

An tAṫair M. Ó Stiofán, S.C.—Dá bfaigimís na condaeṫa iarṫaraċ uilig le agóid a ḋéanaṁ, ḃeaḋ sé i ḃfad níos éifeaċtaí. Cuirfaimís toscaireaċt ċucu, agus muna ḃfaiġimís faoiseaṁ éigin, beiḋ paráid eile againn.

P. Seoiġe—Ní hé coṫrom na féinne é do na saoṫránaí uilig.

Ba ċóir cruinniṫe anois

Srať na mBratóg,
Lá 'Ḟeil' na Marḃ.

A Eagarṫóir, a ċara,

Is maiṫ mar rinn siḃse ḃur gcuid oibre aċ, níl a ḋaṫ eile ḋá ḋéanaṁ. Ba ċóir go mbeaḋ cruinniú i nGaoṫ Doḃair, le déanaṁ cinnte go gcuirfear an eastát tionsclaċ ar bun insan ṗaráiste is mó Gaeltaċta in Éirinn, agus an ṗaráiste is gníoṁaí in obair na Gaeilge coṁ maiṫ.

Ṫiocfaiḋ leat a ḃeiṫ 'laḃairt ar feaḋ seaċtaine, gan iomlán buntáistí Ġaoṫ Doḃair fá ċoinne eastáit mar seo a ċur síos. Aċ, níl gar a ḃeiṫ a' laḃairt go scaoilte; ba ċeart go mbeaḋ cruinniú de luċt an ṗobail uilig go léir ar an Ḃun Ḃeag, nó i nDoire Ḃeag, nó in áit inteaċ eile, nó cúpla cruinniú fríd an ṗaráiste le toil na ndaoine a noċtú agus a ṫaḃairt le fios go soiléir do na daoine a mbaineann sé leo, go gcaiṫfear an rud seo a ḋéanaṁ.

Caidé tá cuid leaders Ġaoṫ Doḃair gabáil a ḋéanaṁ faoi. An gcaillfiḋ siad aiméar arís inna rinneaḋ coṁ minic sin.

Fear gan Ċéill.

Goidé faoi?

Cloiċeannaola,
Oíċe Ṡaṁna.

A Eagarṫóir, a ċara,

Goidé mar atá an scéal faoi an feaċtas fá ċoinne eastáit tionsclaċ do Ċloiċeannaola agus is do Ċloiċeannaola a ba ċóir dó a ḃeiṫ. Tá an páipéar s'agaiḃ-se ag déanaṁ obair rí-ṁaiṫ ag taḃairt iomlán eolais fá na eastáit seo, agus an dóiġ a bpiocṫar ionaid, agus na riaċtanaisí atá ann, agus an dóiġ a ndéintear iad a rialú. Aċ, tá sé in am rud éigin níos mó na sin a ḋéanaṁ. Tá sé in am brú ceart a ċur ar luċt udaráis agus Rialtais, agus ní ṫig sin a ḋéanaṁ aċ fríd cruinniú poiblí.

Goidé tá Cumann Forbarṫa an Ḟalċarraċ a ḋéanaṁ nó Coiste Glór na nGael i gCloiċeannaola? Seo rud a ḃaineas le Gaeilge ⁊ le Gaeltaċt, agus ba ċeart cruinniú mór de luċt na paráiste uilig a ṫaḃairt le ċéile, agus a n-intinn a noċta go soiléir gur seo an seans is fearr a ḃí 'riaṁ ag bunú Ċloiċeannaola, le obair 'ḟáil sa ḃaile.

Mise le meas,

Seán Mac Laḃrais.